Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13211/22**

**FIN 1034**
**INST 352**
**PE-L 34**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 13059/22 |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 18/2022 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2022 |

1. An 5 Deireadh Fómhair 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an togra i leith aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 18/2022, i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais[1].

Is é is aidhm don togra seo suim EUR 395 mhilliún i leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí (l/o) agus i leithreasaí íocaíochta (l/í) a aistriú ó Airteagal 30 04 01 (*Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála*) go hAirteagal 14 03 01 (*Cabhair dhaonnúil*), mar a leagtar amach in 13059/22 é.

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

2. Is é is aidhm don aistriú tacú leis an méid seo a leanas:

- idirghabháil sa ghéarchéim dhomhanda bhia (EUR 210 milliún);
- pobail atá leochaileach san Úcráin agus sa Mholdóiv mar thoradh ar ghéarchéim na hÚcráine (EUR 175 mhilliún);
- na daoine is leochailí sa Phacastáin, lena n-áirítear dídeanaithe, sna limistéir atá buailte ag tuilte (EUR 10 milliún).

I bhfianaise na n-imthosca práinneacha, beidh feidhm ag an tréimhse trí seachtaine le haghaidh formheasa, i gcomhréir le hAirteagal 31(4) den Rialachán Airgeadais.

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra seo i leith aistrithe ag na cruinnithe a bhí aige an 5 agus an 11 Deireadh Fómhair 2022.

4. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

- an togra i leith aistriú leithreasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach in 13059/22 é; agus
- an dréachtlitir a leagtar amach san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an nóta seo.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó: Uachtarán na Comhairle

chuig:Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

cóip: Uachtarán an Choimisiúin

A Uachtaráin Uasail,

I gcomhréir le hAirteagal 31, míreanna 4 agus 6, den Rialachán Airgeadais an 18 Iúil 2018[1], cuirim in iúl duit leis seo gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 18/2022 laistigh de Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2022.

(Mise le meas)

---

1 Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).